**RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí GDPR)**

Is éard atá sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) 2016/679 ná rialachán i ndlí an AE maidir le cosaint sonraí agus príobháideacht do gach duine laistigh den Aontas Eorpach agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch .

Is é an aidhm atá le do chuid sonraí a phróiseáil ná d'iarratas ar **mhaoiniú Athghiniúna Sóisialta Bhaile Munna do 2021** a phróiseáil. Déanfaidh oifigigh shinsearacha in Oifig Ceantair Bhaile Munna an fhaisnéis a sholáthraíonn tú a mheas ar an gcéad dul síos. Ansin déanfaidh an Painéal Measúnaithe Athghiniúna Sóisialta d'iarratas a mheas (ar a mbeidh triúr oifigeach ó CCBÁC, beirt Chomhairleoirí Ceantair an Iarthuaiscirt agus beirt bhall seachtracha. Coinneofar d'fhaisnéis ar feadh tréimhse seacht mbliana. Déanfar na sonraí pearsanta go léir a phróiseáil agus a stóráil go sábháilte. Comhlíonaimid ár n-oibleagáidí i gcónaí agus déanaimid do chearta a chosaint faoi GDPR, faoi Achtanna um Chosaint Sonraí na hÉireann, agus faoi aon leasuithe orthu.

Soláthraítear an bunús dlí chun do shonraí pearsanta a phróiseáil faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

Tá na cearta seo a leanas agat, in imthosca áirithe, agus faoi réir díolúintí is infheidhme, maidir le do shonraí pearsanta:

- An ceart chun rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil againn fút, mar aon le faisnéis eile faoinár bpróiseáil ar na sonraí pearsanta sin.
- An ceart a cheangal orainn aon mhíchruinneas i do shonraí pearsanta a.
- An ceart a cheangal orainn do chuid sonraí pearsanta a scriosadh.
- An ceart a iarraidh nach ndéanfaimid do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha áirithe a thuilleadh
- An ceart agóid a dhéanamh i gcoinne ár n-úsáide de do shonraí pearsanta nó i gcoinne an bhealaigh ina ndéanaimid iad a phróiseáil.

Más mian leat aon cheann de na cearta seo a fheidhmiú, cuir isteach iarratas chuig ár nOifigeach Cosanta Sonraí ag cur in iúl sonraí sonracha na hiarrata dataprotection@dublincity.ie
Próiseálfar gach iarratas bailí gan mhoill agus laistigh de mhí tar éis an iarraidh a fháil. Féadfar an tréimhse seo a fhadú suas le dhá mhí eile nuair is gá.

Féadfaimid do chuid sonraí a roinnt le ranna agus rannáin eile de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC), de réir mar a mheastar a bheith iomchuí, m.sh. an Roinn Airgeadais, Iniúchóirí inmheánacha agus pearsanra ábhartha eile. Féadfaimid do chuid sonraí a roinnt freisin, de réir mar a mheastar a bheith iomchuí, le comhlachtaí seachtracha, m.sh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, baill sheachtracha den Phainéal Measúnaithe agus Iniúchóirí seachtracha.

Coinneofar do chuid faisnéise go léir ar feadh tréimhse 7 mbliana agus ina dhiaidh sin déanfar gach doiciméad páipéir a stialladh agus scriosfar gach taifead leictreonach.

**Le haghaidh tuilleadh faisnéise, téigh chuig** http://www.dublincity.ie/privacy-statement agus má theastaíonn cóip uait ná bíodh aon leisce ort teagmháil a dhéanamh linn 01-2225714.